# 24 Bailiú agus leithdháileadh fáltais ÁSPC

**24.1** Tá árachas sóisialach pá-choibhneasa (ÁSPC) iníoctha i leith ioncaim fhormhór na n-oibrithe agus na ndaoine féinfhostaithe. Íoctar ranníocaíochtaí ÁSPC a bhailítear ó fhostaithe, ó fhostóirí agus ó dhaoine féinfhostaithe isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), a sholáthraíonn sochair agus teidlíochtaí do dhaoine árachaithe.

**24.2** Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) freagrach as an gcóras ÁSPC agus as cinneadh a dhéanamh i ngach gnó árachais shóisialaigh. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) formhór mór na bhfáltas ÁSPC thar ceann na Roinne ar bhonn reachtúil.[1]

**24.3** Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Oiliúna (CNO) leis an Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna, 2000 (an tAcht) mar chiste tiomnaithe chun tacú le hoiliúint atá dírithe ar fhostaíocht.[2] Forálann an tAcht do mhaoiniú an CNO trí thobhach a fhorchur ar fhostóirí i leith fostaithe áirithe. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim na fáltais tobhaigh mar chuid d'fháltais fhoriomlána ÁSPC tríd an gcóras bailithe cánach agus aistrítear go díreach iad chuig cuntas reatha an CÁS.[3,4] Forálann an tAcht gur cheart an méid a íoctar isteach sa CÁS i leith tobhaigh an CNO a mheaitseáil le méid a íoctar ón CÁS chuig an CNO.

**24.4** Leithdháileann an Roinn na méideanna a fhaightear ó na Coimisinéirí Ioncaim idir an CÁS agus an CNO ag baint úsáid as meastacháin atá bunaithe ar shonraí párolla bunúsacha arna soláthar ag na Coimisinéirí Ioncaim. D'fhéadfadh aon laigí i sláine na sonraí bunúsacha a bheith ina gcúis le ró-leithdháileadh nó tearc-leithdháileadh cistí ón CÁS chuig an CNO, rud a mbeadh tionchar díreach aige ar na méideanna atá ar fáil le caitheamh i ngach ciste. Dá bhrí sin, ní mór na sonraí a úsáidtear sa phróiseas leithdháilte a bheith cruinn agus ar fáil go tráthúil.

**24.5** Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas trína mbailítear agus trína leithdháiltear ÁSPC ar an CÁS agus ar an CNO. Díríonn sé go háirithe ar na nithe seo a leanas:

- bailiú fáltais ÁSPC (lena n-áirítear an tobhach CNO) ag na Coimisinéirí Ioncaim agus an fhaisnéis bhunúsach atá ar fáil
- aistriú fáltais ÁSPC chuig an Roinn agus iad a leithdháileadh ina dhiaidh sin chuig an CÁS agus an CNO
- tionchar na bhforbairtí le déanaí ar leithdháileadh fáltais ÁSPC.

**24.6** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar phríomhdhoiciméid agus sonraí arna gcur ar fáil ag an Roinn agus ag na Coimisinéirí Ioncaim, rinne siad agallamh le baill foirne ábhartha an dá eagraíocht agus rinne siad anailís sonraí.

**24.7** Tugann Fíor 24.1 forbhreathnú ar an gcaoi a bpróiseálann na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn sonraí párolla agus fáltais ÁSPC chun teacht ar leithdháileadh cistí chuig an CÁS agus an CNO.


1 Leagtar amach na socruithe oibríochtúla idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim i meabhrán tuisceana agus i gcomhaontú comhroinnte sonraí.

2 Tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta freagrach as bainistiú an CNO, agus as an tuairisciú airgeadais bliantúil gaolmhar.

3 Is cuntas bainc tráchtála atá faoi rialú na Roinne é cuntas reatha an CÁS.

4 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022,* caibidil 19, an Ciste Náisiúnta Oiliúna.

**Fíor 24.1 Forbhreathnú ar bhailiú agus leithdháileadh fáltais ÁSPC Sceideal E**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

a Cuireann fógra párolla na gCoimisinéirí Ioncaim sonraí cothrom le dáta ar fáil d'fhostóirí maidir le creidmheasanna cánach agus bandaí ráta fostaithe.

b Agus íocaíocht á déanamh le fostaí, ní mór d'fhostóir roinnt sonraí a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim i bhfoirm aighneacht párolla. Áirítear leis sin pá agus asbhaintí reachtúla.

c Maoinítear an Ciste Árachais Shóisialaigh le fáltais ÁSPC a thagann ó ioncam Sceideal D agus E araon.

## Measúnú ar fháltais ÁSPC

**24.8** Déantar ioncam a chatagóiriú ina cheithre 'sceideal' chun críoch cánach ioncaim, agus is iad Sceidil D agus E is mó atá san ioncam inchánach (féach Fíor 24.2).[1]

- **Ioncam Sceideal D** Baineann sé le raon cineálacha ioncaim a thagann as féinfhostaíocht, chomh maith le hioncam infheistíochta agus ioncam cíosa.[2]
- **Ioncam Sceideal E** Tagann sé ó fhostaíocht, agus baintear cánacha ioncaim, an muirear sóisialta uilíoch agus ÁSPC ag an bhfoinse ag an bhfostóir faoin gcóras íoc mar a thuillir (ÍMAT).

Cé go bhfuil ioncam Sceideal D agus Sceideal E faoi réir ÁSPC, tháinig 97% de na fáltais ÁSPC uile a seoladh chuig an Roinn in 2024 ó ioncam Sceideal E.[3]

**Fíor 24.2 Saintréithe ioncam Sceideal D agus E**

| | Sceideal D | Sceideal E |
|---|---|---|
| **Cineál ioncaim** | Trádáil, cíos, infheistíochtaí, díbhinní, ús srl. | ÍMAT – Ioncam fostaíochta |
| **Aicme/catagóirí ÁSPC** | Aicme K agus S | Aicme A, B, C, D, E, H, J, K, M agus S[a] |
| **Minicíocht tuairisceáin** | Bliantúil | Míosúil |
| **Ioncam inmheasúnaithe** | Ioncam iomlán | Tuarastal faoi réir ÍMAT |
| **Fad** | Ioncam aonuaire nó leanúnach | Fostaíocht lánaimseartha nó pháirtaimseartha |
| **Íocaithe** | Féinfhostaithe | Fostaí agus fostóir |
| **Rátaí ÁSPC** | 4.1%[b] | Éagsúil[a] |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Féach Aguisín 17A den *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 17, Aicmiú oibrithe chun críoch ÁSPC, ina ndéantar achoimre ar na haicmí éagsúla ÁSPC agus na rátaí bunúsacha.

b Tá sé i gceist go n-ardóidh na rátaí faoi 0.1% ón 1 Deireadh Fómhair 2025.

### *Bailiú fáltais ÁSPC*

**24.9** Tá rannóg an Ard-Bhailitheora sna Coimisinéirí Ioncaim freagrach as bailiú fáltais ÁSPC i gcás ioncam Sceideal D agus E araon.

**24.10** Ón 1 Eanáir 2019, thug na Coimisinéirí Ioncaim córas ÍMAT nuachóirithe isteach a éilíonn tuairisciú párolla fíor-ama ó fhostóirí. Mar chuid den chóras nuachóirithe seo, ceanglaítear ar fhostóirí an fhaisnéis is déanaí ó na Coimisinéirí Ioncaim (e.g. creidmheasanna cánach agus bandaí ráta) a fháil do gach duine dá bhfostaithe ó na Coimisinéirí Ioncaim, roimh gach tréimhse pá. Leis sin, is féidir le fostóirí an dliteanas cánach ioncaim ceart a ríomh agus na méideanna cearta a asbhaint ó gach fostaí i ngach tréimhse pá.

1 Baineann Sceideal C le hioncam a eascraíonn as blianachtaí úis áirithe, díbhinní nó scaireanna de bhlianachtaí iníoctha sa Stát as ioncam poiblí. Áirítear le Sceideal F díbhinní a íocadh agus dáiltí a rinne cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn.

2 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 22, Cánachas ar ioncam cíosa.

3 Tá an t-ioncam iomlán fostaíochta i bhfad níos airde ná an t-ioncam iomlán a dhíorthaítear ó fhéinfhostaíocht. Ina theannta sin, tá na rátaí ÁSPC a chuirtear i bhfeidhm ar ioncam Sceideal E níos airde ná na cinn a chuirtear i bhfeidhm ar ioncam Sceideal D.

**24.11** Nuair a bheidh an párolla críochnaithe, tuairisceoidh fostóirí sonraí párolla do na Coimisinéirí Ioncaim i bhfoirm aighneachta párolla. Áirítear leis an aighneacht párolla faisnéis amhail an dáta pá, méid an phá agus na hasbhaintí reachtúla do gach fostaí.

**24.12** Ansin, cuireann na Coimisinéirí Ioncaim ráiteas míosúil comhiomlán ar fáil don fhostóir bunaithe ar aighneachtaí párolla, agus is é seo bunús an tuairisceáin phárolla mhíosúil.[1] Soláthraíonn gach tuairisceán miondealú ar dhliteanas an fhostóra i leith cánach ioncaim, muirear sóisialta uilíoch, cáin mhaoine áitiúil agus ÁSPC. Déantar dliteanais agus íocaíochtaí fostóirí a thaifeadadh ar an leibhéal comhiomlán seo.

**24.13** Mar a leagtar amach i dtuarascáil bhliantúil na gCoimisinéirí Ioncaim do 2024, íocadh 99% de dhliteanais ÍMAT agus ÁSPC sa mhí a raibh siad dlite.[2] Mar sin féin, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach féidir na fáltais airgid iarbhír ÁSPC a íocadh leis an Roinn a réiteach leis na sonraí párolla bunúsacha a sholáthraíonn bunús an dliteanais atá dlite.

**24.14** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach mbainfí réiteach amach idir na méideanna a íocadh agus na sonraí párolla bunúsacha ach amháin le córas párolla fíor-ama iomlán a éilíonn ar fhostóirí sonraí párolla a thuairisciú ar leibhéal na bhfostaithe agus íocaíocht chomhfhreagrach a dhéanamh, go hiomlán, de na dliteanais iarmhartacha ar leibhéal na bhfostaithe san am céanna. Measann na Coimisinéirí Ioncaim nach mbeadh córas den sórt sin ina mhodh éifeachtach ná éifeachtúil chun cánacha a bhailiú agus go mbeadh sé costasach agus trom ar fhostóirí agus ar a ngnólachtaí. In éagmais córas den sórt sin, bíonn dúshláin ann a chuireann cosc ar réiteach idir na méideanna a íocadh agus na sonraí párolla bunúsacha.

- Déantar íocaíochtaí ÁSPC ó fhostóirí (i.e. sonraí fáltais airgid) mar shocrú ar na dliteanais a dhearbhaítear ar thuairisceán míosúil fostóra. Cé go bhfuil na dliteanais seo bunaithe ar aighneachtaí párolla arna ndéanamh ag fostóir, is ionann iad agus an méid comhiomlán nó 'cuachta' atá dlite le haghaidh ÁSPC ag leibhéal foriomlán an fhostóra, agus ní áirítear leo sonraí faoi shonraí párolla an fhostaí bhunúsacha.
- Tiomsaíonn córas cuntasaíochta custaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh tuairisceáin chánach idirbhearta i gcatagóirí ceannteideal cánach.[3] Cuireann sé seo léargas ar na hiarmhéideanna 'cuachta' de réir ceannteidil cánach a thuairiscíonn gach fostóir.
- D'fhéadfaí fáltais ÁSPC a íocadh i dtréimhse a choigeartú le haghaidh aisíocaíochtaí, aistrithe, fritháireamh agus lóistíochtaí ó fhoinsí agus tréimhsí íocaíochta éagsúla. Cosúil leis an méid thuas, léirítear na coigeartuithe seo ar bhonn 'cuachta' ag leibhéal an fhostóra agus ní áirítear leo sonraí faoi na sonraí párolla bunúsacha.

**24.15** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim freisin gur glacadh cinneadh beartais gan córas párolla fíor-ama iomlán a chur i bhfeidhm maidir le tabhairt isteach an chórais ÍMAT nuachóirithe ag féachaint do na himpleachtaí sreabhadh airgid a bheadh ag aistriú chuig córas den sórt sin ar fhostóirí agus ar a ngnólachtaí.

1 Ceanglaítear ar fhostóirí sonraí aon mhíchruinneas a shainaithnítear sna haighneachtaí párolla ábhartha a leasú nó a cheartú.

2 Féach *Tuarascáil Bhliantúil 2024, na Coimisinéirí Ioncaim*.

3 I measc na 'ceannteidil' cánach a bhaineann le hioncam tá cáin ioncaim, an muirear sóisialta uilíoch, asbhaintí ioncaim cáin mhaoine áitiúil agus ÁSPC.

### *Próiseas íocaíochta Sceideal D agus Sceideal E*

**24.16** Íocann na Coimisinéirí Ioncaim íocaíochtaí a bhaineann le ÁSPC i leith cháiníocóirí Sceideal D agus Sceideal E leis an Roinn/CÁS ag eatraimh éagsúla. Mar chuid den phróiseas íocaíochta, soláthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim ráitis tionlacain éagsúla don Roinn (féach Fíor 24.3).

- Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim uirlis tuairiscithe inmheánach agus iad ag ullmhú na tuarascálacha a ghabhann le híocaíochtaí míosúla Sceideal D. Leis sin, is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim fáltais ÁSPC a thuairisciú de réir an bhliain lena mbaineann an dliteanas ÁSPC i gcás ioncam Sceideal D.[1]
- I gcás íocaíochtaí Sceideal E, faigheann an Roinn meastachán laethúil ar an méid a bailíodh, bunaithe ar threoracha íocaíochta fostóirí chuig na Coimisinéirí Ioncaim, agus fógra faoin méid iarbhír a íocadh an lá dár gcionn.

**Fíor 24.3 Tuarascálacha íocaíochta Sceideal D agus Sceideal E arna gcur ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim**

| | Sceideal D | Sceideal E |
|---|---|---|
| **Laethúil** | — | • Meastachán ar mhéid iomlán íocaíochta Sceideal E<br>• Méid iarbhír íocaíochta Sceideal E |
| **Míosúil** | • Miondealú ar thuairisceáin laethúla carnacha Sceideal D a bailíodh. Áirítear miondealú ar na blianta lena mbaineann na híocaíochtaí i.e. 2020 – 2025[a]<br>• Miondealú ar thuairisceáin mhíosúla Sceideal D de réir cineáil agus bliana 1990 – 2025 | • Ráiteas na méideanna laethúla a íocadh sa mhí |
| **Bliantúil** | • Achoimre ar na méideanna a bailíodh, a íocadh agus atá gan íoc ag deireadh na bliana<br>• Miondealú ar na fáltais a íocadh de réir bhliain an dliteanais i.e. 2020 go 2025<br>• Achoimre ar aon choigeartuithe sna méideanna a íocadh sa bhliain | • Achoimre ar na méideanna a bailíodh, a íocadh agus atá gan íoc ag deireadh na bliana |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Baineadh na figiúirí as uirlis tuairiscithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

**24.17** De ghnáth, bíonn difríocht idir méideanna measta agus iarbhír íocaíochtaí Sceideal E, mar gheall ar choigeartuithe a dhéantar le haghaidh aisíocaíochtaí, aistrithe agus fritháireamh. Úsáidtear na figiúirí measta a sholáthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim mar tháscairí do phróiseas réamhaisnéise sreabhadh airgid na Roinne. Braitheann an Roinn ar na figiúirí iarbhír, a fhaightear ina dhiaidh sin, chun críoch tuairiscithe airgeadais.

1 Áirítear i dtuarascáil íocaíochta Sceideal D ÁSPC a dhíorthaítear ó fhéinfhostaíocht, cáin ábhartha ar scair-roghanna, tobhaigh ar ranníocaíochtaí sláinte agus ioncam eile Sceideal D nach ngabhann córais ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim.

**24.18** In ainneoin gur ionann Sceideal E agus 97% de na fáltais ÁSPC uile a íocadh, tá an fhaisnéis a sholáthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim chun tacú le híocaíocht Sceideal E i bhfad níos lú mionsonraithe ná an fhaisnéis a sholáthraítear do Sceideal D. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear do mhéideanna ÁSPC Sceideal D agus E difriúil de bharr riachtanas mar gheall ar an gcaoi a n-íoctar fáltais ÁSPC, agus na hoibleagáidí cánach a mbíonn tionchar acu ar uainiú na dtuairisceán agus ar mhinicíocht na n-íocaíochtaí.

**24.19** Don scrúdú seo, rinne an fhoireann iniúchta athbhreithniú ar mhiondealú ar shonraí párolla míosúla Sceideal E de réir fo-aicme ar chóras tuairiscithe na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar sin féin, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach féidir sonraí párolla ar leibhéal na bhfostaithe a réiteach le híocaíochtaí comhiomlána a dhéantar ar leibhéal an fhostóra ach amháin le córas párolla iomlán fíor-ama.

*Comhad ioncaim deireadh bliana*

**24.20** Faoi théarmaí comhaontaithe comhroinnte sonraí, soláthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim sonraí faoi shonraí párolla Sceideal E don Roinn, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le ÁSPC, i gcomhad ‘deireadh na bliana’ a ghintear go bliantúil.[1] Soláthraíonn an comhad seo taifid fostaíochta mhionsonraithe don Roinn do cháiníocóirí ar bhonn fostaíocht ar fhostaíocht. Áirítear leis faisnéis chomhfhreagrach faoin bpárolla agus faoin ÁSPC don bhliain chánach ábhartha (féach Fíor 24.4).

**Fíor 24.4 Miondealú ar na sonraí atá san áireamh sa chomhad deireadh bliana**

| Catagóir | Sonraí |
|---|---|
| Pearsanta | Uimhir PSP, céadainm, sloinne, seoladh, dáta breithe, cineál taifid na bhfostaithe. |
| Fostaíocht | Uimhreacha aitheantais fostaíochta, tagairtí fostóra, uimhreacha clárúcháin fostóra. |
| Párolla | Pá comhlán, luach saothair bunaithe ar scaireanna, ordú eisiaimh[a], bliain chánach, sochair inchánach, árachas leighis. |
| Pinsean | Conradh blianachta scoir, ranníocaíocht shaorálach bhreise, ranníocaíocht scoir bhreise, cuntas coigiltis scoir pearsanta, scéim sochair scoir. |
| ÁSPC | Aicme ÁSPC, stair aicme ÁSPC, seachtainí inárachais, pá faoi réir ÁSPC fostaí, ÁSPC fostaí íoctha, pá faoi réir ÁSPC fostóra, ÁSPC fostóra íoctha. |
| Scéim | Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (méid an fhóirdheontais, méid breise) Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (méid an fhóirdheontais, creidmheas ÁSPC). |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Deimhniú ó na Coimisinéirí Ioncaim lena n-údaraítear d’fhostóir gan Cáin Ioncaim ná Muirear Sóisialta Uilíoch a asbhaint ó íocaíocht fostaí.

1 Gintear an comhad deireadh bliana i dtreo dheireadh na chéad ráithe den bhliain chánach ina dhiaidh sin e.g. gineadh an comhad tosaigh do 2024 sa chéad ráithe de 2025. Tar éis an chomhaid deireadh bliana seo, seolann na Coimisinéirí Ioncaim comhad seachtainiúil caighdeánach chuig an Roinn freisin ina bhfuil ceartúcháin dhéanacha ar na sonraí sa chomhad deireadh bliana.

**24.21** Mar chuid den scrúdú seo, dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhféadfaí tuarascáil chomhchosúil a sholáthar don Roinn gach mí. Chuideodh sé seo leis an Roinn anailís níos tráthúla a dhéanamh ar shonraí ranníocaíochta ÁSPC Sceideal E.

**24.22** Mar sin féin, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach mbeadh anailís níos cruinne mar thoradh ar aistrithe sonraí níos minice i bhfianaise leibhéal na gceartúchán agus na gcoigeartuithe párolla bailí a d'fhéadfadh tarlú go míosúil. Dúirt an Roinn, cé go mbeadh fáilte roimh fhaisnéis níos tráthúla, nach réiteodh sí an fhadhb bhunúsach go hiomlán mar nach mbeadh an tuarascáil phárolla mhíosúil nasctha leis na méideanna airgid a aisíoctar chuig an Roinn.

## Leithdháileadh chuig an gCiste Náisiúnta Oiliúna

**24.23** Chun an CNO a mhaoiniú, cuirtear tobhach (ráta 1% faoi láthair) i bhfeidhm maidir le tuilleamh ináirithe fostaithe i bhfostaíochtaí áirithe d'aicme A agus d'aicme H (Sceideal E), a chlúdaíonn thart ar 80% de na fostaithe árachaithe go léir.[1] De réir mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht, íocann fostóirí an tobhach agus bailítear é trí ranníocaíocht ÁSPC an fhostóra i.e. ní asbhaint é ó ollioncam na bhfostaithe.

**24.24** Ós rud é go bhfuil an tobhach corpraithe i rátaí ranníocaíochta ÁSPC fostóra, ní thuairiscíonn fostóirí méideanna tobhaigh an CNO ar leithligh ina n-aighneachtaí párolla chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Tá fáltais tobhaigh an CNO san áireamh sna fáltais ÁSPC chomhiomlána a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim agus a chuirtear chuig an Roinn. Bheadh gá le leasuithe reachtaíochta chun go bhféadfadh fostóirí an méid CNO a thuairisciú ar leithligh.

**24.25** In éagmais na faisnéise sin, ní mór don Roinn tobhach an CNO a leithdháileadh ó fháltais ÁSPC fostóra a chuirtear ar ais faoi aicmí ÁSPC inríofa. Dá bhrí sin, ríomhann an Roinn céatadán cionroinnte agus cuireann sí i bhfeidhm é gach bliain chun meastachán a dhéanamh ar an gcuid de na fáltais ranníocaíochta ÁSPC atá le leithdháileadh ar an CNO.

### *Próiseas cionroinnte*

**24.26** Tá an ráta cionroinnte measta bunaithe ar shonraí ón gcomhad párolla deireadh bliana agus ar oibreacha inmheánacha arna ndéanamh ag Aonad Staidrimh agus Aonad Meastachán na Roinne.

**24.27** Mar a leagtar amach i bhFíor 24.1, tá roinnt céimeanna ag teastáil i bpróiseas na Roinne chun na sonraí a fhaightear ó na Coimisinéirí Ioncaim sa chomhad deireadh bliana a chlaochlú ina bhfaisnéis ar féidir í a úsáid chun an ráta cionroinnte CNO a ríomh.

**24.28** Tiomsaíonn an tAonad Staitisticí faisnéis ón gcomhad párolla deireadh bliana (Sceideal E) agus ó na tuairisceáin féinfhostaíochta is déanaí atá ar fáil (Sceideal D) chun tacar sonraí a tháirgeadh a leithdháileann fáltais ranníocaíochta ÁSPC idir na haicmí ÁSPC (e.g. A, H, S, srl.), agus cuirtear an fhaisnéis seo le chéile i 'tuarascáil ranníocaíochtaí ÁSPC de réir aicme'. Mar gheall ar thráthúlacht na gceanglas íocaíochta agus comhdaithe le haghaidh ioncam Sceideal D, tá na sonraí le haghaidh ioncam Sceideal D suas le dhá bhliain d'aois i.e. úsáideadh sonraí ó ranníocaíochtaí ÁSPC 2021 chun an ráta cionroinnte do 2023 a ríomh.[2]

1 Ní bhaineann tobhach an CNO le hoibrithe ar scéimeanna fostaíochta pobail, atá aicmithe mar ÁSPC aicme A8 nó A9.

2 Éilíonn Sceideal D ar dhaoine féinfhostaithe tuairisceán bliantúil a chur isteach agus an cháin atá dlite a íoc faoin 31 Deireadh Fómhair den bhliain dár gcionn.

**24.29** Úsáideann an tAonad Meastachán faisnéis ón tuarascáil ar ranníocaíochtaí ÁSPC de réir aicme chun ráta cionroinnte maoinithe a ríomh Úsáideann brainse cuntas na Roinne an ráta cionroinnte ansin chun fáltais a leithdháileadh ar an CÁS agus ar an CNO. Tá roinnt céimeanna breise i gceist leis an bpróiseas seo a léirítear in Aguisín 24A.

**24.30** Fuair an fhoireann scrúdaithe, ós rud é nach bhfuil ach sonraí Sceideal E ábhartha maidir le leithdháileadh an CNO, nach cosúil go bhfuil aon chúis ann nach féidir na '*ranníocaíochtaí ÁSPC de réir tuairisc aicme*' do Sceideal E a sholáthar ar bhonn níos tráthúla. Laghdódh sé sin an baol míchruinnis a bheith ann de dheasca sonraí atá as dáta a úsáid chun cinntí na bliana reatha a threorú.


**24.31** Mar shampla, dá n-úsáidfí sonraí ranníocaíochta 2023 chun na cistí a leithdháileadh in 2024, in ionad shonraí ranníocaíochta 2021, d'íocfaí €5.2 mhilliún (0.45%) breise leis an CNO in 2024 dá bharr.

**24.32** Tá an baol ann go dtabharfar isteach agus go ndéanfar earráidí níos measa nuair a bhíonn meastacháin bunaithe ar shonraí atá próiseáilte go mór. De réir dea-chleachtais, ba cheart a laghad céimeanna agus is féidir a ghlacadh chun sláine na sonraí a choinneáil.

## Fáltais ÁSPC agus a gcionroinnt

**24.33** Tá an Roinn freagrach as fáltais ÁSPC a leithdháileadh idir an CÁS agus an CNO. Bhí €18.1 bhilliún i bhfáltais ÁSPC in 2024, agus ath-leithdháileadh beagnach €1.16 bhilliún den mhéid sin ar an CNO. Nochtar an ráta leithdháilte agus an méid a leithdháiltear ar an CNO i ráitis airgeadais an CÁS taispeánann.[1] Fíor 24.5 an ráta fáis i bhfáltais an CÁS agus an CNO ó 2011 ar aghaidh.

**Fíor 24.5 Fáltais an CÁS agus an CNO, 2011 go 2024, innéacsaithe go dtí 2011[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta a Soláthraíonn innéacsú pointe tagartha (2011:100) chun fás na bhfáltas a thomhas le linn tréimhsí ina dhiaidh sin.

1 Mar a nochtadh i ráitis airgeadais Chiste Árachais Shóisialaigh 2024, leithdháileadh 6.55% de ranníocaíochtaí comhlána ÁSPC Sceideal E ar an CNO in 2024.

**24.34** Soláthraíonn Aguisín 24B achoimre ar na rátaí agus ar bhonn na cionroinnte ó 2011 i leith.


**24.35** Idir 2011 agus 2017, leithdháil an Roinn fáltais ÁSPC ar an CNO ag ráta tairiseach 4.28%. Le linn na tréimhse sin, ní raibh an ráta cionroinnte faoi réir athbhreithnithe. In 2018, rinne an Roinn athbhreithniú siarghabhálach ar chur i bhfeidhm an ráta 4.28% don tréimhse 2011 go dtí 2017. Léiríonn anailís shiarghabhálach na Roinne ar ranníocaíochtaí ÁSPC (ag baint úsáid as an modheolaíocht reatha) go mbeadh ráta cionroinnte idir 4.71% agus 4.96% oiriúnach le linn na tréimhse sin.[1]

**24.36** In 2018, thosaigh an Roinn ar shonraí ranníocaíochta ÁSPC a thabhairt isteach ina ríomh ar an ráta cionroinnte. Mar thoradh air sin, in éineacht le méaduithe ar ráta tobhaigh an CNO, leithdháileadh cuid níos mó de na fáltais ÁSPC ar an CNO.

**24.37** Déanann an Roinn seiceáil réasúntachta ina ndéantar comparáid idir an t-airgead iarbhír a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim agus iarmhéideanna measta na ranníocaíochta ÁSPC bliantúla a bhaintear as an 'tuarascáil maidir le ranníocaíochtaí ÁSPC de réir aicme'.[2] Tá na méideanna measta atá dlite bunaithe ar shonraí párolla ón gcomhad deireadh bliana. Tá an leibhéal 'athraitheas inghlactha' socraithe ag +/-2% ag an Roinn, bunaithe ar a taithí ar threochtaí stairiúla sna hathruithe bliantúla.

**24.38** Bhí an difríocht idir na méideanna iarbhír ÁSPC a fuarthas agus an méid measta atá dlite laistigh den leibhéal athraithis inghlactha idir 2012 agus 2021, agus an t-athraitheas is airde ag 1.7% in 2019 (féach Fíor 24.6). Sa chás sin, bhí méid na bhfáltas ÁSPC isteach sa CÁS 1.7% os cionn an mhéid measta dlite, ag baint úsáid as sonraí ranníocaíochta 2019.

**Fíor 24.6 Difríocht idir fáltais iarbhír ÁSPC a íocadh agus iarmhéideanna de réir na tuarascála maidir le ranníocaíochtaí ÁSPC de réir aicme, 2011 go 2023**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Nuair a tugadh an MSU isteach in 2011, thuairiscigh roinnt fostóirí an MSU mar ÁSPC, rud a fhágann go raibh fáltais ÁSPC níos mó ná na ranníocaíochtaí dlite.

1 Cuireadh na torthaí in iúl don Roinn Airgeadais, a bhí ar aon intinn maidir le cur i bhfeidhm céatadán athbhreithnithe ó 2018 gan gá le leasú a dhéanamh ar an ráta do na blianta roimhe sin.

2 Déanann an Roinn anailís athraithis freisin ar chion na ranníocaíochtaí iomlána a chuirtear i leith gach fo-aicme.

**24.39** Mar sin féin, nuair a rinne an Roinn an chomparáid ag baint úsáid as sonraí ranníocaíochta ÁSPC 2022, bhí méid na bhfáltas in 2022 thart ar €435 mhilliún nó 2.9% níos lú ná figiúirí measta thuarascáil anailíse ranníocaíochta ÁSPC. Cheistigh an Roinn é sin leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus cuireadh faisnéis bhreise ar fáil maidir le dliteanais ÁSPC gan íoc, ach níor réitíodh cúis na héagsúlachta. Chinn an Roinn an ráta cionroinnte a ríomhadh bunaithe ar shonraí ranníocaíochta 2021 a athúsáid chun cistí 2024 a chionroinnt idir an CNO agus an CÁS.

## Tionchar na n-athruithe le déanaí ar an tsamhail chionroinnte

*Rátaí tobhaigh an CNO*

**24.40** Socraíodh ráta tobhaigh an CNO ag 0.7% tairiseach in 2000 go dtí 2017, sular ardaigh sé ar bhealach pleanáilte go 0.8% in 2018, 0.9% in 2019 agus 1% ó 2020 ar aghaidh. Mar sin féin, ní chuireann an modh a úsáidtear chun cistí a leithdháileadh ar an CNO san áireamh an bhliain inar eascair an dliteanas ÁSPC. Mar shampla, dhéanfaí fáltais ÁSPC a fuarthas in 2021 a bhaineann le fostaíocht a rinneadh in 2019 nó roimhe sin a chionroinnt ag baint úsáid as ráta 2021, seachas an ráta níos ísle in 2019.

**24.41** Ní fhaigheann an Roinn sonraí maidir le tráthúlacht fáltais ÁSPC Sceideal E, agus, dá bhrí sin, ní féidir léi an fhaisnéis seo a chur san áireamh ina ríomh. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le méid níos mó ná an fíordhliteanas a íoc leis an CNO. Mar sin féin, laghdaigh an riosca seo nuair a shocraigh an ráta tobhaigh ag 1% ó 2020.

*Scéimeanna fóirdheontais shealadaigh pá Covid-19*

**24.42** Tugadh isteach an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá, agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta le linn phaindéim Covid-19. Bhí fostóirí a bhí ag baint leas as na scéimeanna sin incháilithe chun ráta laghdaithe ÁSPC fostóirí 0.5% a íoc — laghdú 10.55% ó ghnáthráta ÁSPC fostóirí san am sin (11.05%). D'fhéadfadh fostóirí leas a bhaint as an ráta laghdaithe ó Mhárta 2020 go Bealtaine 2022.[1]

**24.43** Cuireadh faisnéis ar ais faoin gcreidmheas ÁSPC a cuireadh i leith gach fostóir a bhaineann leas as an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta mar chuid den chomhad deireadh bliana a chuir na Coimisinéirí Ioncaim faoi bhráid na Roinne. Mar sin féin, níor cuireadh an fhaisnéis seo san áireamh i meastachán na Roinne ar na cistí a leithdháileadh ar an CNO.[2] Cuireadh an tobhach 1% don CNO i bhfeidhm ar iomlán na dtuilleamh ináirithe in aicme A agus in aicme H, d'aineoinn nár íoc fostóirí ar an ráta laghdaithe ach 0.5% in ÁSPC iomlán fostóra. Dá bhrí sin, is dócha gur íocadh méid os cionn an fhíordliteanais ón CÁS leis an CNO i leith fostóirí a bhain leas as an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta.

1 Bhí an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá i bhfeidhm ó Mhárta 2020 go dtí Lúnasa 2020. Taifeadadh fostaithe a bhí ag fáil na scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá mar aicme ÁSPC J9 don tréimhse sin. Nuair a tháinig an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta in ionad na scéime sealadaí an 1 Meán Fómhair 2020, d'fhill fostaithe ar a ngnáthaicme ÁSPC.

2 Níor chuir an Roinn aon anailís ábhartha ar fáil a rinneadh ar thionchar na scéimeanna fóirdheontais pá ar fháltais ÁSPC agus na méideanna a leithdháileadh ar an CNO.

**24.44** De bharr easpa faisnéis mionsonraithe leordhóthanach, ní raibh an fhoireann scrúdaithe in ann an ró-leithdháileadh féideartha don CNO a chainníochtú mar gheall ar an gceist sin. Mar sin féin, mheas na Coimisinéirí Ioncaim roimhe seo go raibh beagán os cionn €1 bhilliún san iomlán ÁSPC a cailleadh mar thoradh ar an laghdú 10.55% ar ráta ÁSPC an fhostóra is infheidhme sna scéimeanna seo. Léireodh sé sin gur íocadh thart ar €47 milliún i bhfáltais ÁSPC fostóra ag an ráta laghdaithe 0.5%.

### *Fiachas stórasaithe*

**24.45** Le linn phandéim Covid-19, thug tabhairt isteach na Scéime Stórasaithe Fiachais cead do ghnólachtaí íocaíochtaí cánach agus dliteanais ÁSPC áirithe a chur siar.[1] In ionad íocaíocht láithreach a éileamh, cuireadh na dliteanais seo i leataobh nó 'stóráladh' iad le hathíoc ag dáta níos déanaí. B'ionann fiachas stórasaithe agus €3.2 bhilliún ag a bhuaicphointe i mí Eanáir 2022. Bhí sé de dhualgas ar cháiníocóirí dul i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim faoin 1 Bealtaine 2024 chun sceidil aisíocaíochta fiachais a chomhaontú. Thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh fiachas stórasaithe arb ionann é agus €2 bhilliún socraithe go hiomlán ag deireadh 2024 agus go raibh €1 bhilliún breise faighte faoi shocruithe íocaíochta céimnithe.

**24.46** Thuairiscigh an Roinn, mar a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas, go raibh fiachas stórasaithe a bhain le fáltais ÁSPC cothrom le €267 milliún ag deireadh 2023. Léiríonn taifid ioncaim gur aisíocadh €98 milliún in 2024. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur mar gheall ar roinnt gnéithe amhail tuairisceáin leasaithe arna gcur isteach ag cáiníocóirí, measúnuithe arna n-ardú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus cúlghairmeacha agus foirceannadh stórais fiachais a bhí an laghdú breise €34 mhilliún ar fhiachas stórasaithe ÁSPC. Ba é €135 mhilliún an t-iarmhéid gan íoc ag deireadh 2024.[2]

**24.47** Tuairiscíonn na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis faoi fhiachas agus aisíocaíochtaí stórasaithe ÁSPC don Roinn ag pointe áirithe ama (de ghnáth ag deireadh na bliana). Tá aisíocaíochtaí fiachais stórasaithe ÁSPC san áireamh sna fáltais ÁSPC a sheolann na Coimisinéirí Ioncaim chuig an Roinn i rith na bliana. Níl dóthain faisnéise ag an Roinn chun aisíocaíochtaí fiachais stórais ÁSPC a aithint nuair a fhaightear iad, ná an tréimhse nó an aicme ÁSPC lena mbaineann an aisíocaíocht.

**24.48** Is féidir gur chuir dliteanais ÁSPC 'stórasaithe' isteach ar na héagsúlachtaí le déanaí idir na méideanna a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim agus na figiúirí anailíse ranníocaíochta a mheas an Roinn. Mar sin féin, in éagmais tuilleadh anailíse, tá sé deacair an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar leithdháileadh cistí chuig an CNO a mheas.

## Comhaontuithe conartha

### *Costais na gCoimisinéirí Ioncaim a Aisíoc*

**24.49** Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim fáltais ÁSPC thar ceann na Roinne i gcomhréir le meabhrán tuisceana idir an dá chomhlacht. Forálann alt 261 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 go ndéanfar faisnéis atá i seilbh na gCoimisinéirí Ioncaim a bhaineann le tuilleamh inríofa agus fáltais ÁSPC a aistriú chuig an Roinn.

1 Bhí stórasú fiachais mar chuid de fhreagairt an Rialtais ar Covid-19, arna fhógairt ag an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mBealtaine 2020.

2 Amhail ag Márta 2025, dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh €1.074 bhilliún i bhfiacha cánach a bhain le hioncam dlite le bailiú do na tréimhsí uile go dtí deireadh 2024. Bhí €246 milliún (23%) den fhiachas iomlán i bhfáltais ÁSPC agus, agus bhí €180 milliún de sin á bhailiú go gníomhach trí shocrú íocaíochta céimnithe nó trí fhorfheidhmiú.

**24.50** Síníodh an meabhrán tuisceana idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim in 2017, sular tugadh isteach an córas ÍMAT nuachóirithe.

**24.51** Tá comhaontú foirmiúil comhroinnte sonraí i bhfeidhm freisin idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim chun rialú a dhéanamh ar chomhroinnt sonraí pearsanta idir na comhlachtaí i ndáil le bainistíocht, riarachán agus/nó oibriú éifeachtach na gcóras cánach agus leasa shóisialaigh, agus feidhmeanna reachtúla áirithe eile. Is ó 2024 an comhaontú comhroinnte sonraí is déanaí. Leagtar amach ann catagóir agus minicíocht aistrithe faisnéise ÁSPC ó na Coimisinéirí Ioncaim chuig an Roinn.

**24.52** Íocann an Roinn táille bhliantúil €37.4 mhilliún leis na Coimisinéirí Ioncaim as bailiú fáltais ÁSPC. Comhaontaíodh an táille mar chuid den phróiseas meastachán bliantúil agus níor athraíodh í ó 2009. Sam sin, bhí leibhéal na táille bunaithe ar an gcostas measta do na Coimisinéirí Ioncaim a bhain le bailiú fáltais ÁSPC thar ceann na Roinne. Cuireadh doiciméadacht ar fáil don Roinn agus don fhoireann scrúdaithe ina raibh cuntas ar bhunús an mhuirir agus ar an gcaoi a ríomhadh é.

**24.53** Tá ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil an táille reatha as dáta, agus go bhfuil struchtúr táillí níos oiriúnaí á bhreithniú faoi láthair i gcomhairle leis an Roinn.

### *Rialachas aistrithe an CNO*

**24.54** Gach mí, íocann an Roinn méid leis an CNO, arna ríomh de réir ráta cionroinnte bliantúil an CNO (mar a leagtar amach thuas). Cuireann an Roinn an ráta cionroinnte céatadáin agus méideanna míosúla thobhach an CNO a íocadh ar fáil don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Mar sin féin, ní sholáthraíonn an Roinn faisnéis chun tacú le bunús an ríofa. Níl aon chomhaontú foirmiúil idir na Ranna lena rialaítear na haistrithe.

## Conclúidí agus moltaí

**24.55** Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim formhór na bhfáltas ÁSPC thar ceann na Roinne. Íoctar an méid a bhailítear leis an Roinn go míosúil i gcás fháltais Sceideal D agus go laethúil i gcás fháltais Sceideal E. Áirítear i bhfáltais Sceideal E fáltais thobhach an CNO a bhailítear trí ranníocaíochtaí ÁSPC fostóra i leith tuilleamh ináirithe i bhfo-aicmí áirithe ÁSPC (A agus H).

**24.56** Nuair a íoctar méid airgid ÁSPC Sceideal E, ní chuirtear aon sonraí párolla ná faisnéis tacaíochta ar fáil don Roinn. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Roinn a chinneadh cé mhéad den mhéid a fhaightear a bhaineann le ranníocaíochtaí ÁSPC fostaithe, fostóirí agus daoine féinfhostaithe, ná leis na haicmí ábhartha ÁSPC.

**24.57** Le nuachóiriú párolla agus infhaighteacht tuairiscithe párolla fíor-ama i bhfeidhm ó 2019, tá faisnéis níos iontaofa agus níos tráthúla á cur isteach ag fostóirí chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Mar sin féin, de réir na reachtaíochta, ní thuairiscítear fáltais an CNO ar leithligh agus bailítear iad tríd an gcóras cánach mar aon le ranníocaíochtaí ÁSPC fostóra. Tá an Roinn ag brath ar fhaisnéis faoi fho-aicme ÁSPC chun tobhach an CNO a dhí-chomhiomlánú ó fháltais ÁSPC.

**24.58** Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí párolla Sceideal E siarghabhálacha ar fáil don Roinn i bhfoirm tuairisceán deireadh bliana. Cé nach féidir an fhaisnéis atá sa tuairisceán deireadh bliana a réiteach le fáltais airgid ÁSPC, úsáideann an Roinn an fhaisnéis atá sa tuairisceán chun fáltais ÁSPC a leithdháileadh ar aicmí agus ar fho-aicmí ÁSPC, agus dá réir sin chun cistí a leithdháileadh idir an CÁS agus an CNO.

**24.59** San am atá thart, rinne an Roinn meastachán ar ráta leithdháilte an CNO a cuireadh i bhfeidhm i mbliain de réir na sonraí a bhí ar fáil di, lena n-áirítear sonraí ioncaim Sceideal D suas le dhá bhliain i riaráistí. Mar thoradh air sin, caitheann an Roinn go leor ama agus iarrachta ag samhaltú faisnéise ar aicmí ranníocaíochta ÁSPC, chun meastachán a dhéanamh ar thuilleamh inríofa in aghaidh na haicme ÁSPC, in ainneoin gur thuairiscigh fostóirí an cineál seo faisnéise do na Coimisinéirí Ioncaim trí aighneachtaí párolla.

**Moladh 24.1**

Ba cheart don Roinn agus do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a ngabhtar agus a phróiseáiltear sonraí a bhaineann le párolla ÁSPC atá ar fáil chun a fháil amach an féidir faisnéis níos tráthúla agus níos mionsonraithe a thacaíonn le fáltais ÁSPC Sceideal E a sholáthar don Roinn.

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an athbhreithniú spleáchas na Roinne ar mheastacháin agus ar shamhaltú a laghdú chun cistí a leithdháileadh idir an CÁS agus an CNO.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta (An Roinn Coimirce Sóisialaí)**

Comhaontaithe.

Déanann an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim comhordú agus comhaontú cheana féin ar chúrsaí a bhaineann le bailiú ÁSPC trí Ghrúpa Ardleibhéil comhpháirteach. Úsáidfidh an Roinn an sásra seo chun féachaint leis na Coimisinéirí Ioncaim an féidir feabhsuithe breise a dhéanamh ar bhealach cost-éifeachtach. Mar sin féin, tugaimid faoi deara go bhfuil seans ann go mbeidh athrú reachtaíochta chomh maith le forbairt córas agus próiseas TF ag teastáil chun athruithe a dhéanamh ar an gcur chuige reatha. Le haon chinneadh chun é seo a thabhairt ar aghaidh, ba ghá na costais a bheadh i gceist a chur san áireamh i gcomparáid leis na buntáistí a d’fhéádfadh a bheith ann.

**Amlíne don chur i bhfeidhm**

Ardófar an cheist seo ag an gcéad chruinniú eile den Ghrúpa Ardleibhéil (Deireadh Fómhair 2025), agus breithneofar an cur chuige agus na hamlínte ina dhiaidh sin.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta (Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim)**

Comhaontaithe**.**

Agus leas á bhaint as an rannpháirtíocht fhadtéarmach agus leanúnach idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn ar fud réimse fóram, lena n-áirítear an Grúpa Ardleibhéil, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar an gcaoi a ngabhfar sonraí a bhaineann le párolla ÁSPC atá ar fáil agus a chomhroinntear iad leis an Roinn ina dhiaidh sin. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an cineál sonraí párolla a bhfuil sé de dhualgas ar fhostóirí a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim leagtha síos sa reachtaíocht. Bheadh cinntí beartais a d’éascódh athrú reachtaíochta, chomh maith le forbairtí TF comhthreomhara, ag teastáil le haghaidh aon cheanglas go gcuirfí sonraí breise isteach tríd an bpárolla, lena n-áirítear méideanna an CNO a thuairisciú ar leithligh**.**

Maidir le tráthúlacht malartaithe sonraí leis an Roinn, tá sonraí párolla, lena n-áirítear sonraí leibhéal ÁSPC, ar fáil don Roinn faoi láthair trí áis chuardaigh ‘fíor-ama’ agus comhroinntear iad i mbulc trí aistriú comhaid ag deireadh na bliana i gcomhréir leis an gcomhaontú comhroinnte sonraí reatha a comhaontaíodh i gcomhpháirt (2024). Cuirtear príomhghnéithe amhail leasuithe ar phárolla san áireamh agus sonraí á gcomhroinnt ag pointe ama nuair a mheastar gurb é an tacar sonraí is cobhsaí. Beidh na Coimisinéirí Ioncaim i mbun oibre leis an Roinn maidir leis an bpróiseas seo d’fhonn plé a dhéanamh ar athruithe a d’fhéadfadh a bheith ann a chuideodh ar bhealach níos fearr leis an Roinn**.**

**Amlíne don Chur i bhFeidhm**

Plé tosaigh le bheith ar siúl ag an gcéad chruinniú eile den Ghrúpa Ardleibhéil (Deireadh Fómhair 2025), agus na chéad chéimeanna eile le glacadh uaidh sin.

**24.60** Níor cuireadh athruithe sealadacha le déanaí ar an gcóras ÁSPC, a eascraíonn as stórasú fiachais agus tionchar scéimeanna a bhaineann le Covid-19, san áireamh i meastachán na gcistí a leithdháiltear ar an CNO. Ina theannta sin, níor réitíodh an difríocht €435 mhilliún a shainaithin an Roinn, agus fáltais ranníocaíochta ÁSPC in 2022 á gcur i gcomparáid leis na ranníocaíochtaí ÁSPC a rabhthas ag súil leo ó shonraí párolla. D’fhéadfadh na ceisteanna sin a bheith nasctha.

**24.61** Tá tobhach 1% an CNO iníoctha ag fostóirí i ndáil le fostaithe i bhfostaíochtaí áirithe aicme A agus aicme H. Mar sin féin, de bharr easpa sonraí párolla bunúsacha le haghaidh fáltais ÁSPC, ní féidir na méideanna a chionroinntear ar an CNO a fhíorú ar ais chuig méideanna thobhaigh an CNO a bhailítear ó fhostóirí mar chuid dá ranníocaíochtaí ÁSPC.

**24.62** Is í an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta atá freagrach as bainistiú agus rialú an CNO. Dá bhrí sin, tá oibleagáid ar an Roinn sin a chinntiú go bhfuil na fáltais isteach sa CNO iomlán agus i gcomhréir leis na forálacha reachtacha.

**Moladh 24.2**

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas trína ndéantar ranníocaíochtaí ÁSPC a leithdháileadh ar an CÁS agus ar an CNO.

Mar shampla, ba cheart machnamh a dhéanamh ar leithdháileadh an CNO a bhunú ar ranníocaíochtaí ÁSPC Sceideal E amháin, a mbíonn sonraí ar fáil ina leith ar bhonn níos tráthúla.

An mhodheolaíocht a úsáideann an Roinn chun méideanna na n-aistrithe chuig an CNO a chinneadh, ba cheart í a chomhaontú leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta (An Roinn Coimirce Sóisialaí)**

Comhaontaithe.

Comhaontaíonn an Roinn, go hidéalach, gur cheart aistriú fháltais tobhaigh an CNO a bhunú ar mhéideanna iarbhír seachas ar mhéideanna measta agus, ina theannta sin, go ndéanfaí é go díreach ó na Coimisinéirí Ioncaim chuig an CNO. Mar sin féin, is ábhar é seo a thuigimid a mbeadh athrú reachtaíochta laistigh d'Acht an CNO ag teastáil ina leith, rud a thagann faoi chúram na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Go dtí go n-athraítear an reachtaíocht, tá forbairt córas agus próiseas ann lena mbaineann oibreoirí párolla agus fostóirí agus a d'fhéadfadh a bheith suntasach, agus bheadh gá na costais a bhaineann leis sin a mheas i gcomparáid leis na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann. Sa chomhthéacs seo, is í tuairim na Roinne gurb é an cleachtas atá ann cheana féin maidir le meastacháin eolasacha a úsáid bunaithe ar shonraí atá ar fáil cur chuige réasúnta agus praiticiúil i leith leithdháileadh fáltais.

Mar sin féin, agus tuairimí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar aire aici, cuirfidh an Roinn in iúl go bhféadfaí an próiseas a fheabhsú tríd an nGrúpa Ardleibhéil.

Beidh an Roinn i mbun oibre freisin leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis an modheolaíocht atá ann cheana a úsáidtear chun an méid a aistrítear chuig an CNO a mheas.

**Amlíne don Chur i bhFeidhm**

Ardófar an cheist ag an gcéad chruinniú eile den Ghrúpa Ardleibhéil leis na Coimisinéirí Ioncaim (Deireadh Fómhair 2025) agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le linn Ráithe 4 2025 d'fhonn athbhreithniú a chríochnú le linn 2026.

**24.63** Tá raon feidhme agus minicíocht aistrithe sonraí ÁSPC leagtha amach i gcomhaontú comhroinnte sonraí idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim, a ndearnadh athbhreithniú air in 2024.

**24.64** Tá an comhaontú idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim maidir le bailiú agus aistriú ranníocaíochtaí ÁSPC leagtha amach i meabhrán tuisceana, a síníodh in 2017. Níor athbhreithníodh an comhaontú ó rinneadh an córas párolla a nuachóiriú in 2019. Cé nach leagtar amach sa chomhaontú an bunús don mhuirear seirbhíse bliantúil €37.4 mhilliún, cuireadh doiciméadacht ar fáil don Roinn agus don fhoireann scrúdaithe ina leagtar amach bunús an mhuirir agus an chaoi ar ríomhadh é.

**24.65** Scríobh na Coimisinéirí Ioncaim chuig an Roinn i mí Iúil 2025 ag rá go ndéanfar athbhreithniú ar an muirear seirbhíse bliantúil in am trátha.

**Moladh 24.3**

Ba cheart don Roinn agus do na Coimisinéirí Ioncaim an meabhrán tuisceana a thabhairt cothrom le dáta chun aird a thabhairt ar na sonraí feabhsaithe atá ar fáil ón aistriú chuig sonraí párolla a chur isteach i bhfíor-am ó fhostóirí.

Ba cheart don mheabhrán tuisceana bunús a shonrú freisin maidir le costais riaracháin bhailiú ÁSPCna gCoimisinéirí Ioncaim a aisghabháil.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta (An Roinn Coimirce Sóisialaí)**

Comhaontaithe.

Tá an Roinn i mbun oibre leis na Coimisinéirí Ioncaim chun an meabhrán tuisceana atá ann cheana a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta lena chinntiú go léiríonn sé cleachtais oibríochtúla agus go n-áirítear ann an bunús le haghaidh ríomh aisghabhála comhaontaithe ar chostais riaracháin na gCoimisinéirí Ioncaim chun ÁSPC a bhailiú i gcomhréir leis na leibhéil soláthair seirbhíse riachtanacha.

**Amlíne don chur i bhfeidhm**

R2 2026.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta (Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim)**

Comhaontaithe.

Forálann an Meabhrán Tuisceana atá ann faoi láthair do chomhroinnt faisnéise idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn ar leibhéal ard, agus sonraítear ann go rialófar na malartuithe sin le Comhaontú Comhroinnte Sonraí (CCS). Léiríonn an CSS, a comhaontaíodh in 2024, na sonraí atá ar fáil ó aighneachtaí párolla arna ndéanamh ag fostóirí ó tugadh Nuachóiriú ÍMAT isteach.

Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú foriomlán ar an Meabhrán Tuisceana atá ann faoi láthair, i gcomhar leis an Roinn, lena chinntiú go leanann sé de bheith oiriúnach don fheidhm. I gcomhairle leis an Roinn, tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an leibhéal caiteachais atá na Coimisinéirí Ioncaim ag iarraidh a aisghabháil i leith bhailiú ÁSPC. Ós rud é go mbíonn Meabhráin Thuisceana leagtha amach ar leibhéal ard de ghnáth, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iarracht tagairt a dhéanamh don bhunús le haghaidh aisghabháil na gcostas sin, a luaithe a bheidh comhaontú déanta ina leith, in aon Mheabhrán Tuisceana athbhreithnithe. Ina theannta sin, déanfar bunús na gcostas aisghabhála atá á lorg a dhoiciméadú go foirmiúil ar bhealach níos mine, coinneoidh na Coimisinéirí Ioncaim é agus comhroinnfear leis an Roinn é.

### Amlíne don chur i bhfeidhm

Faoi dheireadh R2 2026.

## Iarscríbhinn 24A Ríomh ráta cionroinnte an Chiste Náisiúnta Oiliúna — sampla léiritheach

| | Aicme ÁSPC | (A) Iomlán ÁSPC bailithe €000 | (B) Iomlán ÁSPC fostaí €000 | (C) Iomlán ÁSPC fostóra €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Céim 1**<br>(A-B=C)<br>Meastar iomlán ÁSPC fostóra in aghaidh na fo-aicme bunaithe ar an ÁSPC iomlán a bhailítear agus ar iomlán an ÁSPC fostaí a ghintear ó thuarascáil anailíse ranníocaíochta an aonaid staitisticí. | A0 | 788,000 | 125,000 | 663,000 |
| | AX | 350,000 | 81,000 | 269,000 |
| | AL | 100,000 | 26,000 | 74,000 |
| | A1 | 14,500,000 | 4,000,000 | 10,500,000 |
| | H0 | 500 | 135 | 365 |
| | HX | 200 | 50 | 150 |
| | H1 | 42,000 | 12,000 | 30,000 |

| | Aicme ÁSPC | (C) Iomlán ÁSPC fostóra €000 | (D) ÁSPC fostóra ráta % | (E) Tuilleamh ináirithe measta €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Céim 2**<br>(E = C/D)<br>Déántar meastachán ar thuilleamh ináirithe do gach fo-aicme, bunaithe ar an ÁSPC iomlán ER agus an ráta caighdeánach de ÁSPC ER | A0 | 663,000 | 8.90 | 7,449,438 |
| | AX | 269,000 | 8.90 | 3,022,472 |
| | AL | 74,000 | 8.90 | 831,461 |
| | A1 | 10,500,000 | 11.15 | 94,170,404 |
| | H0 | 365 | 10.55 | 3,460 |
| | HX | 150 | 10.55 | 1,422 |
| | H1 | 30,000 | 10.55 | 284,360 |

| | Aicme ÁSPC | (E) Tuilleamh ináirithe measta €000 | (F) Tobhach an CNO % | (G) Tobhach an CNO ar thuilleamh ináirithe €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Céim 3**<br>(G = E*F)<br>Cuirtear ráta tobhaigh 1% an CNO i bhfeidhm ansin ar an tuilleamh ináirithe measta sna haicmí ábhartha. | A0 | 7,449,438 | 1.0 | 74,494 |
| | AX | 3,022,472 | 1.0 | 30,225 |
| | AL | 831,461 | 1.0 | 8,315 |
| | A1 | 94,170,4504 | 1.0 | 941,704 |
| | H0 | 3,460 | 1.0 | 35 |
| | HX | 1,422 | 1.0 | 14 |
| | H1 | 284,360 | 1.0 | 2,844 |

| | | |
|---|---|---|
| **Céim 4**<br>(Ráta cionroinnte = G/H)<br>Ríomhtar an ráta cionroinnte tríthobhach measta an CNO atá dlite a roinnt ar iomlán na ranníocaíochtaí ÁSPC. | (G) Iomlán an CNO atá dlite bunaithe ar thuilleamh ináirithe measta | 1,057,631 |
| | (H) Iomlán na ranníocaíochtaí ÁSPC (gach aicme) | 16,500,000 |
| | Ráta cionroinnte | 6.41% |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Iarscríbhinn 24B Achoimre ar thobhach agus rátaí cionroinnte an CNO, 2011 go 2024[a]

| Bliain | Ráta tobhaigh an CNO | Bunús cionroinnte | Ráta cionroinnte |
|---|---|---|---|
| 2011 go dtí 2017 | 0.7% | Ráta comhaontaithe ó athbhreithniú 2011 | 4.28% |
| 2018 | 0.8% | Sonraí deireadh bliana 2016 agus coigeartú chun méadú ar thobhach an CNO a léiriú | 5.35% |
| 2019 | 0.9% | Sonraí deireadh bliana 2017 agus coigeartú chun méadú ar thobhach an CNO a léiriú | 5.98% |
| 2020 | 1.0% | Bunaithe ar fháltais (fáltais Nollaig 2019 @ 0.9%) agus (Feabhra go Nollaig 2020, @ 1.0%) | 6.58% |
| 2021 | 1.0% | Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe sin | 6.58% |
| 2022 | 1.0% | Sonraí deireadh bliana 2020 | 6.50% |
| 2023 | 1.0% | Sonraí deireadh bliana 2021 | 6.55% |
| 2024 | 1.0% | Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe sin | 6.55% |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Bunaíodh tobhach an CNO in 2000. Ba é 0.7% ráta tobhaigh an CNO ó 2000 go dtí 2017.